# Oibríochtaí agus An Uimhirmheá

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - uimhreacha a aithint agus a thuiscint<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cumarsáid agus cur in iúl - fadhbanna a chuirfí i láthair go nithiúil, go pictiúrtha, nó ó bhéal a phlé<br>• Comhtháthú agus nascadh - an gaol idir slite ó bhéal, nithiúla, pictiúrtha agus siombalacha chun uimhreacha a léiriú a aithint |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | cothrom, mar an gcéanna, 2 thaobh, coibhéis, cothromaíocht, fíor, bréagach, uimhir ar iarraidh |
| **Áiseanna** | Uirlis Uimhirmheá Mol Mata, uimhirmheá, cláir bhána, marcóir, spléach-chártaí |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeáin an uimhirmheá do na daltaí. Téigh siar ar cad é atá i gceist le huimhirmheá agus ar an gcoincheap de chothroime ón nGníomhaíocht 'An bhfuil sé cothromaithe?' Cuir uimhir ar thaobh amháin den uimhirmheá agus iarr ar na daltaí na huimhreacha is féidir leo a úsáid chun an uimhirmheá a chothromú a fhiosrú. Taispeánann na daltaí a gcuid réiteach ar an uimhirmheá agus tarraingíonn siad pictiúr den réiteach. Léiríonn an múinteoir an bealach chun siombailí agus frámaí a úsáid chun an réiteach a thaifeadadh.
E.g. 4 =_ + _

### 2 Gníomhaíocht 2

Aimsigh an uimhir atá ar iarraidh.
D'aimsigh Mol Mata bosca cothromóidí (spléach-chártaí) ina bhfuil uimhreacha ar iarraidh. Úsáideann na daltaí an uimhirmheá chun cabhrú le Mol Mata an uimhir atá ar iarraidh a oibriú amach.
2+_=3
3+_=5
2+_=4
Úsáideann na daltaí an Uirlis Uimhirmheá Mol Mata chun a réiteach a roinnt.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cluiche Fíor nó Bréagach:
Taispeáin cothromóidí ceann i ndiaidh a chéile ar spléach-chártaí/ar chlár bán do na daltaí. Iarr orthu siombail ordóg in airde/ordóg síos chun a chur in iúl go bhfuil an chothromóid fíor nó bréagach. Úsáideann na daltaí uimhirmheá chun iad a sheiceáil.
Samplaí: 5 = 3 agus 2
3 = 2 agus 1
3=4
5=5
4=2+2

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén fáth a bhfuil sé seo fíor?<br>• Cén fáth a bhfuil sé seo bréagach?<br>• Cén uimhir atá ar iarraidh? | • Conas atá a fhios againn go bhfuil/nach bhfuil an dhá thaobh cothromaithe?<br>• Conas a chinn tú ar d'uimhreacha?<br>• Cén fáth ar chinn tú gan uimhreacha níos mó/níos lú a roghnú? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Méadaigh na luachanna de réir mar is cuí.